

Treoirlínte Slándála le haghaidh Bhoird Bhainistíochta agus Foirne chun an Córas Éilimh ar Líne a bhainistiú i Scoileanna:

Intreoir:

Tugadh an Córas Éilimh ar Líne isteach i Scoileanna iarbhunscoile ar an 6ú Samhain 2006 agus ar bhonn céimneach i mBunscoileanna ó Aibreán 2007 go Márta 2008.

Róil:

Mar a míníodh i gcáipéisí a d'eisigh an Roinn roimhe seo tá ceithre ról faoi leith agus trí CA (ID) Úsáideora tugtha do phearsanra ag leibhéal na scoile chun an córas a oibriú.

Is iad seo a leanas na róil:

Iontráil Sonraí

Is é ról an té iontrálann sonraí ná sonraí a chur isteach i.e. sonraí a bhaineann le neamhláithreacht bhaill foirne, éilimh le haghaidh bhreacbhaill agus bhaill foirne agus sonraí eile a chur isteach sa chóras.

Ceadaitheoir Sonraí

Is é ról an Cheadaitheora Shonraí ná inchur na sonraí a chuireann an té a chuireann na sonraí isteach a dheimhniú agus na sonraí a fhaomhadh.

Riarthóir Áitiúil

Is é ról an Riarthóra Áitiúil ná ról Iontrála Sonraí a athdháileadh taobh istigh den scoil agus chun pasfhocail Iontrála Sonraí a athshocrú.

(Ní bhíonn CA breise Úsáideora de dhíth leis an ról seo agus baineann an ról le ról an Cheadaitheora Shonraí)

Dara Ceadaitheoir

Is é ról an Dara Cheadaitheora saoire/éileamh maidir le neamhláithreacht an Cheadaitheora Shonraí a dheimhniú agus tá cead aige sonraí a fhaomhadh a chuireann an té a iontrálann sonraí isteach.

CA Úsáideora agus Pasfhocail:

Tá CA Úsáideora leis an dá ról. D'eisigh an Roinn an chéad CA Úsáideora don té a Iontrálann Sonraí/don Cheadaitheoir Sonraí/Riarthóir Áitiúil agus don Dara Ceadaitheoir. **Baineann an CA Úsáideora leis an duine agus ba chóir é a choinneáil go cúramach agus gan é a insint do dhuine ar bith. Níl cead agat iarraidh ar do ríomhaire cuimhne a choinneáil ar na sonraí sábháilteachta.**

Ba chóir comhairle a chur ar an té a iontrálann sonraí agus ar Cheadaitheoir an Chórais a gcuid pasfhocal agus eolas eile a choinneáil rúnda i dtólamh agus gan iad a thabhairt do bhaill eile na foirne. Má bhíonn ar an úsáideoir nó ar an Cheadaitheoir an Ríomhaire Pearasanta a fhágáil gan duine ar bith ann ba chóir dó logáil amach as CEAL.

Is láithreán sábháilte é láithreán Esinet agus bíonn teachtaireacht sábháilteachta le feiceáil munar úsáid tú CEAL ar feadh níos mó ná uair an chloig agus logálfar amach as an chóras thú go huathoibríoch.

Má chailleann tú do chuid sonraí logála isteach nó má dhéanann tú dearmad orthu is féidir go n-iarrfaimid ort na sonraí a thug tú nuair a cláraíodh ar CEAL thú a fhíordheimhniú.

Ginearálta:

Le sláine an chórais a chinntiú ba chóir do scoileanna cloí leis na treoracha seo a leanas:

Tá sé de dhualgas ar Bhoird Bainistíochta a chinntiú go gcoinnítear sláine an chórais i dtólamh ag leibhéal na scoileanna.

Moltar do na Boird Bainistíochta nár chóir, i gcás ar bith, don duine chéanna tabhairt faoi ról an té a iontrálann sonraí agus ról an Cheadaitheora Shonraí.

Ba chóir don té a iontrálann sonraí agus don Cheadaitheoir Sonraí a chinntiú i gcónaí go gcuirtear sonraí na múinteoirí agus na gcuntóirí riachtanas speisialta isteach sa chóras mar is ceart.

Má bhíonn ball foirne ar lorg sonraí faoina neamhláithreacht tá áiseanna ar an chóras chun tuarascálacha áirithe a phriontáil amach. Ba chóir do phearsanra a shainítear chun CEAL a úsáid sa scoil na tuarascálacha seo a phriontáil amach agus iad a thabhairt don bhall foirne.

Mar is amhlaidh le gach córas ríomhaireachta coinnítear rian iniúchta ar thaifid agus uaireanta idirbheart ar an chóras.

Ba chóir do scoileanna cinnte a dhéanamh de go gcoinnítear cáipéisí a bhaineann le comhlánadh na sonraí CEAL go rúnda i.e, teastais dhochtúra, freastal ar chúrsaí inseirbhíse/inghairme, saoire thuismitheoirí agus saoire chúramaí.

Ba chóir don té a iontrálann na sonraí agus don Cheadaitheoir Sonraí a chinntiú go bhfaightear cáipéisí tacaíthe, msh. teastais dhochtúra, ó bhall na foirne sula ndéantar taifead ar na sonraí ar CEAL.

Níor chóir go mbeadh an Cúntóir Riachtanais Speisialta ceaptha mar an té a iontrálann na sonraí.

Ba chóir go ndéanfaí a shoiléiriú don Bhord Bainistíochta go bhfuil áis ar fáil ar CEAL chun tuarascáil a dhéanamh ar gach neamhláithreacht a bhaineann le múinteoirí agus Cúntóirí um Riachtanais Speisialta le linn thréimhse shainithe.

Ba chóir cóip den cháipéis seo a thabhairt do gach ball den Bhord Bainistíochta.

An Rannóg Párolla,